Gearán Seachtrach:
Polasaí foirmeálta Fhoras na Gaeilge

Déanfar iarracht gach gearán a réiteach a luaithe agus a thagann sé isteach ach sa chás nach féidir sin a dhéanamh cuirfear an gearán isteach sa phróiseas oifigiúil gearáin. Seo a leanas na céimeanna a thabharfar:

1. Cuirfear an té atá ag gearán i dteagmháil leis an Oifigeach Gearáin [de ghnáth is é an Clárbhainisteoir: Pleanáil Chorparáideach a chomhlíonfaidh an ról seo] agus déanfaidh an tOifigeach sin an gearán a chlárú.

2. Iarrfar ar an té atá ag gearán an gearán a sonrú agus a chur i scríbhinn.

3. Cuirfear an taifead scríofa faoi bhráid chruinniú Stiúrthóirí le plé.

4. Cuirfear toradh an phlé sin in iúl go pras don té atá ag gearán.

5. Mura bhfuil an té atá ag gearán sásta leis an réiteach, beidh cead acu achomharc a lorg ón bPríomhfheidhmeannach.